



Treoirlínte Iontrála & Eolas

Glac do chuid ama, le do thoil, chun an t-eolas seo a leanas a léamh sula gcuirtear tús leis an tionscadal seo.

- Is féidir gach tionscadal a bheith déanta ag beirt, grúpa, rang nó an scoil uile.
- Ní mór do gach dalta atá ag obair ar thionscadal a bheith cláraithe mar dhaltaí i mBunscoil nó i Scoil Riachtanas Speisialta, agus a bheith idir 8 mbliana d'aois agus 13 bliana d'aois (idir 7 agus 18 mbliana d'aois i Scoileanna Riachtanas Speisialta). Cuirimid fáilte roimh iontrálacha ó Scoileanna Riachtanas Speisialta agus cuirfidh na moltóirí é seo san áireamh gur iontrálacha iad seo ó Scoileanna Riachtanas Speisialta.
- Ní mór go mbeadh an saothar a chuirtear isteach mar shaothar an dalta féin ach is féidir le múinteoir cúnamh a thabhairt don dalta, Ní mór síniú múinteora/príomhoide a bheith in éineacht le gach iontráil lena dhearbhú gurb é saothar an dalta féin é agus go bhfuil tacaíocht faighte ón scoil.
- Is féidir na tionscadail a chomhlánú i nGaeilge nó i mBéarla.
- NÍ MÓR NA HIONTRÁLACHA A SHEOLADH CHUIG:**
Oifig Tionscadal Ghradam Chúnammh Éireann, Ár nDomhan, Real Nation, Cúirt Fumbally, Lána Fumbally Baile Átha Cliath 8.
FAOIN: 24 Márta, 2017.
- Is féidir le scoileanna a lán tionscadal a chur isteach. Do gach tionscadal, cinntigh, le do thoil, go bhfuil dialann iontrála chomhlánaithe in éineacht leis. Is féidir cóipeanna breise den dialann seo a chloipeáil nó a íoslódáil ó www.ourworldirishaidawards.ie.
- Níor chóir go mbeadh aon iontráil chlosamhairc níos mó ná trí nóiméad ar fhad.
- Ní féidir aon tionscadal a chur ar ais i gcás ar bith.
- Is féidir tionscadail atá tríthoiseach nó sobhríste a chur isteach mar ghrianghraif. Níor chóir go mbeadh saothair dhéthoiseacha níos mó ná A2 agus iad comhdhlúite.
- Déantar moltóireacht ar na gradaim mar seo a leanas:
 - Tuiscint: An léiríonn an tionscadal tuiscint mhaith ar na saincheisteanna forbartha?
 - Naisc: An ndéanann an tionscadal iniúchadh ar na naisc idir saol na ndaltaí agus saol na leanaí i dtíortha i mbéal forbartha?
 - Cad is féidir a dhéanamh anois? An mbreathnaíonn an tionscadal ar cad is féidir a dhéanamh go háitiúil, ar fud na tíre agus ar fud an domhain?
 - Ag comhoibriú le chéile: An léirítear sa tionscadal gur oibrigh na daltaí i gcomhar lena chéile chun na fadhbanna domhanda agus na réitigh orthu a fhiosrú?
 - Cruthaitheacht: An tionscadal cruthaitheach agus úrnua é an tionscadal?
 - Lucht féachana: Ar chomhroinneadh an fhoghlaim le lucht féachana níos leithne lasmuigh den seomra ranga (e.g. pobal na scoile, an pobal áitiúil, na meáin áitiúla, etc.)?
- Roghnaítear 60 tionscadal bunaithe ar na critéir thuas le bheith ar an ngearrliosta. Tabharfar cuireadh do líon áirithe daltaí agus daoine fásta as na scoileanna ar an ngearrliosta freastal ar cheann amháin de na ceithre Shearmanas Gradam Réigiúnacha a bheidh againn i mí na Bealtaine agus bronnfar plaic 'Gradaim Chúnammh Éireann, Ár nDomhan' orthu.
- Gheobhaidh scoil a chuir tionscadail den scoth isteach go leanúnach ar feadh roinnt mhaith blianta i ndiaidh a chéile Teastas Gradam Scoile de chuid 'Gradaim Chúnammh Éireann, Ár nDomhan' ag na Searmanais Gradam Réigiúnacha.
- I ngach réigiún, tabharfar cuireadh do na trí scoil leis na tionscadail is fearr teacht chuig an mBabhta Ceannais i mBaile Átha Cliath i mí an Mheithimh agus gheobhaidh siad trófaí 'Gradaim Chúnammh Éireann, Ár nDomhan'.
- Ag an mBabhta Ceannais Náisiúnta gheobhaidh tionscadal amháin a dhéantar moltóireacht air atá sármaith trófaí an Bhuaiteora de chuid 'Gradaim Chúnammh Éireann, Ár nDomhan'.
- Bronnfar Gradam Chúnammh Éireann, Ár nDomhan, Múinteoir na Bliana ar mhúinteoir amháin. Tabharfar cuireadh don mhúinteoir seo gníomhú mar ambasadóir do na Gradaim agus beidh sé nó sí mar urlabhairí poiblí/comhpháirtithe don chlár 2017/2018.

Rialacha & Rialacháin

- Ní ghlacann Real Youth agus Cúnammh Éireann aon fhreagracht d'iontrálacha a chailltear, a dhéantar damáiste orthu nó a chuirtear moill orthu. Ní cruthúnas postais é cruthúnas admhála.
- Ní féidir le fostaithe, conraitheoirí ná daoine a bhfuil baint dhíreach ná ghairmiúil acu le fostaithe Real Nation agus Cúnammh Éireann bheith in iomaíocht do na gradaim seo.
- Tá sé rithábhachtach gur leis na daltaí iad féin na saothair do na tionscadail ar fad agus nach ndéantar bradaíl orthu, go hiomlán ná i bpáirt.
- B'fhéidir go n-iarrfar ar iontrálaithe atá ar an ngearrliosta cruthúnas aoise a chur ar fáil agus údaracht a n-iontrála a dheimhniú.
- Ní bheidh aon chomhfhreagras idir na moltóirí agus an eagraíocht urraíochta maidir le cinntí na moltóirí, agus is iad cinntí na moltóirí do na hiontrálacha ar fad sa chomórtas, do na himeachtaí réigiúnacha agus do na gradaim náisiúnta a bheidh mar na cinntí deiridh.
- I gcás iontrála ó rang/ ón scoil uile, beidh líon teoranta de rannpháirtithe in ann freastal ar an searmanas bronnata gradam. Cuirfead an líon in iúl do gach scoil, má éiríonn leo dul ar aghaidh go dtí an chéim sin.
- Ní mór go mbeadh buaiteoirí gradaim a thugtar cuireadh dóibh chuig na Searmanais Gradam Réigiúnacha agus chuig an mBabhta Ceannais Náisiúnta a bheith in éineacht le tuismitheoirí, múinteoirí nó caomhnóirí.
- B'fhéidir go mbeidh ar bhuaiteoirí gradaim páirt a ghlacadh i gcúrsaí poiblíochta.
- Ní chuirfead duais airgid tirim ná duais eile, go hiomlán ná i bpáirt, ar fáil.
- Is féidir grianghraif d'iontráil ar bith a úsáid amach anseo chun na Gradaim a chur chun cinn d'eagraíochtaí eile atá bainteach leis an oideachas forbartha. Má chuirtear iontráil isteach, tá cead á thabhairt ag na hiontrálaithe grianghraif agus/ nó píosaí den tionscadal a bheith in úsáid le haghaidh cúrsaí bolscaireachta.
- Tionscnóir na nGradam seo agus an áit ar chóir gach comhfhreagras a sheoladh is ea:

Oifig Tionscadal Ghradam Chúnammh Éireann, Ár nDomhan, Real Nation, Cúirt Fumbally, Lána Fumbally Baile Átha Cliath 8.
Teil: 01 522 4834 | Facs: 01 522 4809
R-phost: ourworld@realnation.ie



Aontaíonn gach iontrálaí go gcloifidh sé/sí le rialacha an chomórtais; má theipeann ar an iontrálaí cloí le haon cheann de na rialacha nó leis na rialacha uile déanfar an iontráil atá i gceist neamhbhailí.

Dialann Iontrála le Tionscadal a Chur Isteach

(Ba chóir an fhoirm seo a fhótachóipeáil do gach tionscadal)

Líon isteach na sonraí thíos agus an dialann ar an gcéad leathanach eile, le do thoil, agus seol é isteach in éineacht le do thionscadal chuig:
Gradaim Chúnammh Éireann, Ár nDomhan, f/ch. Real Nation, Cúirt Fumbally, Lána Fumbally, Baile Átha Cliath 8.

Ní mór na hiontrálacha a chur chuig an seoladh thuas faoin 24 Márta, 2017.
Déan deimhin de go bhfuil na Treoirlínte Iontrála, Eolas, Rialacha agus Rialacháin léite go hiomlán agat sula gcuireann tú d'iontráil isteach.

Ainm na Scoile: _____ Uimhir Rolla na Scoile: _____

Ar chuir an scoil isteach ar Gradaim Chúnammh Éireann, Ár nDomhan cheana? Chuir Níor chuir

Seoladh: _____

Príomhoide/Ceannasaí na Scoile: _____

Múinteoir Ionadaíoch: _____ Rang: _____

Seoladh ríomhphoist an Mhúinteora Ionadaíoch: _____

Uimhir Fón Póca an Mhúinteora Ionadaíoch: _____

Ar mhaith leat a bheith curtha san áireamh do Ghradam Chúnammh Éireann, Ár nDomhan, Múinteoir na Bliana?
 Ba mhaith Níor mhaith

Luaigh, le do thoil, cé a rinne an tionscadal:
 Beirt Grúpa (más ea, cé mhéad duine: _____) Rang An Scoil Uile

An scoil riachtanas speisialta atá ann? Ba mhaith Níor mhaith

Más ea, cad iad na cineálacha riachtanas speisialta atá ann?

Teideal an tionscadail: _____

Cad é an phríomhtheachtaireacht atá sa tionscadal?

Cad a spreag an tionscadal?

Síniú an Mhúinteora: _____ Dáta: _____



Dialann Iontrála:

Má tá grianghraif, scannáin nó ábhair eile chruthaitheacha, ba bhreá linn iad a fheiceáil in éineacht le d' iontráil (féach Treoirínte Iontrála agus Eolas).



CONAS A D'FHIOSRAÍOMAR AN TÁBHAR:

Déan cur síos ar conas a d'fhiosraigh sibh an t-ábhar (ransú smaointe, taighde etc.) agus cad iad na hacmhainní teagaisc agus foghlama a d'úsáid sibh.

CONAS A ROGHNAÍOMAR AN TÁBHAR:

Déan cur síos ar conas agus cén fáth ar roghnaigh sibh an t-ábhar a bhí agaibh.

CAD A CHRUTHAÍOMAR:

Déan cur síos ar cad a chruthaigh sibh don tionscadal a bhí agaibh (físeán, póstaer, ealaín, etc.).

CONAS A BHÍOMAR RANNPHEIRTEACH LE DAOINE EILE:

Déan cur síos ar conas a scaip sibh bhur dteachtaireacht lasmuigh den seomra ranga.

